

**An Dara hÁit sa Chatagóir Shóisearach
Méadbh Ní Chualáin
Coláiste Chroí Mhuire, Spiddal, Co. Galway
Teacher - Caitríona Ní Ghriallais & Tara Nic Dhiarmada**

Seosamh Ó Conghaile

“A Mhuintir na Gaillimhe, tar éis seacht mbliain is caoga tá craobh na hÉireann ar ais i nGaillimh!”

Seo na focail cáiliúla a labhair Seosamh Ó Conghaile tar éis d’fhoireann iománaíochta na Gaillimhe Craobh na hÉireann a thabhairt leo don chéad uair le 57 bliain. Bhí rímead agus gliondar croí ar saoránaigh an Chontae, go mór mór muintir Chonamara mar gur thug Seosamh an Óráid ar fad i nGaeilge. Deirtear fós gurbh é ceann de na hóráidí is fearr a tugadh ariamh i bPáirc an Chrócaigh.

Rugadh agus tógadh Joe, mar is fearr aithne air, sa gCaisleán Gearr ar imeall na cathrach ar an 13 Deireadh Fómhar 1956. Ba de bhunú Leitir Móir a thuismitheoirí. Bhí deichniúr sa gclann, seachtar buachaill agus triúr cailín. Bhí suim ollmhór acu ar fad i gcursaí spóirt. Ba mhinic iad amuigh ag imirt an cluiche náisiúnta ina gcúl gairdín. Chuaigh sé chuig an meánscoil i nGaillimh, áit a d’éirigh leis Ardteist maith a fháil. D’fhreastal sé ar an Ollscoil i nGaillimh agus tar éis trí bliana d’éirigh leis B.A a bhaint amach i nGaeilge agus Tíreolas.

Le linn an tréimhse seo, choinnigh sé ar ag imirt dá chlub áitiúil “An Caisleán Gearr”. Ba imreoir cumasach a bhí ann agus níor thóg sé i bhfad ar bhainistíocht foireann iománaíocht na Gaillimhe é a thabhairt faoi deara. Sula i bhfad bhí sé ag imirt i ngeansaí marúin na Gaillimhe. Chaith sé blianta ag caitheamh uimhir 11 dá chontae. Bhí sé ar cheann de na lár tosaithe is fearr sa tír.

I 1980, roghnaíodh é mar chaptaen ar fhoireann na Gaillimhe i mí Meánfómhair na bliana sin. D’éirigh leo cluiche ceannais na hÉireann a bhuacaint agus Corn Mhic Chartaigh a thabhairt ar ais go Gaillimh don chéad uair le 57 bliain. B’éacht ollmhór é seo mar cheap go leor daoine go mbeadh an lá ag Luimneach.

Deireann mo dhaideo i gcónaí gurbh é an óráid a thug Joe ceann de bhuacphointí a shaol. Dúirt sé go raibh deora ina shúile an lá sin agus é ag éisteacht le fear de bhunú Chonamara ag labhairt i nGaeilge bhreá bhlasta agus Corn Mhic Chartaigh ina lámh aige.